




úll
banana
naíonán
lacha
an chéad 100 focal gaeilge
babaí cliste
carr
cathaoir
liathróid
cat
béar
bláth
cupa
madra



banana
brocailí
cáis
Bia
úll
oráiste
cairéid
sú talún
tráta



Bran sa Bhaile
Eric Hill


'Tá sé ag cur báistí,'
arsa Bran.
'Fanfaidh mé sa
bhaile.'



Bran agus a Chairde ag Spraoi
Eric Hill



D'imigh Bran leis amach faoin mbáisteach.
'Tá sé seo go hiontach,' arsa sé agus an scáth báistí os a chionn in airde.
'Ní mé fliuch ar chor ar bith!'
Ar aghaidh le Bran ag splaiseáil trí locháin uisce. Ansin chonaic sé coinín.
'Dia duit, a Choinín,' arsa Bran.
'An dtaitníonn an bháisteach leat?'
'Ní thaitníonn, muise. Tá sí rófhliuch domsa,' arsa an coinín.






“Ní tusa mo charasa,” arsa Dónall Muicín leis an mac tíre gránna.


“Ní ligfidh mé isteach thú. Imigh leat abhaile.”






Seo í Chanthong in éineacht lena Mamaí agus lena deirfiúr. Sa Chambóid atá cónaí orthu. Ar chosa adhmaid atá a dteach tógtha. Duilleoga pailme atá ar an díon.

Ní bhíonn an teach seo againne faoi uisce riamh.





Go luath sa tráthnóna, lá bog gaoithe thart ar an mbliain 1544, chas bád aniar isteach trí bhéal Chuan Mó. Líon an ghaoth an seol mór cearnógach agus shéid sí an bád isteach sa chuan. Sheas an píolóta i dtosach an bháid ag breathnú go grinn amach roimhe. Taobh thiar de bhí na fir ag fanacht ar an ordú an seol a thabhairt anuas agus na maidí rámha a chur i bhfarraige. I lár báire, faoi bhun an chrainn seoil, bhí an t-úinéir, Dónall an Chogaidh Ó Flaithearta, a bhreitheamh, a chláirseoir, agus a gcuid giollaí. Agus thiar i ndeireadh an bháid bhí an fear stiúrach, agus a dhá lámh ar an halmadóir aige.


5






Briseann tonnta boga in aghaidh na gcarraigeacha thíos faoi. Tá rónta ag bogadaíl ar bharr an uisce.
Tá Ben agus a Mham ag péinteáil pictiúr de bhanrónta, fathaigh agus sióga ar bhalla a sheomra leapa. Ba mhaith le Ben an seomra a bheith réidh don deartháir nó deirfiúr bheag a bheidh aige gan mhoill.
Tagann Conor, athair Ben, isteach. Tá am luí ann. Léimeann Cú, coileán mór clúmhach, suas ar Ben. Is cairde móra iad.Déanann Bronach agus Conor a mac a shoipriú isteach sa leaba in éineacht le Cú.
Tugann Bronach sliogán ársa don ghasúr óg.
"Thug mo mháthair seo dom," ar sí.
"Cuir le do chluas é is éist go cúramach. Cloisfidh tú Amhrán na Mara."
Séideann Bronach sa sliogán is seinneann sí é mar a bheadh fliúit ann.
Tá sé ag súil go mór le bheith ina dheartháir mór, a deir Ben le Bronach is é ag titim ina chodladh. De chogar deir Bronach go mbeidh sé ar an deartháir mór is fearr ar domhan.
Go tobann, buaileann arraing ghéar péine Bronach is tagann dath bán ina gruaig. Ritheann sí ón seomra. Fágtha leis féin, tá imní ar Ben faoina mháthair.







Bhí Frainc ag iarraidh eitilt.
Ach frog a bhí ann.
Agus níl froganna in ann eitilt.





Shocraigh Dáithí agus Puisín agus Maidhc an lá a chaitheamh ag dreapadh na sléibhte.







Bhí cuid mhór crann i ngairdín Thríona.


Bhí sí ábalta a cat, Ispín, a fheiceáil óna teach crainn.


Thaitin sé leis luí ar a dhroim faoin ghrian.

26


MARCUS PFISTER
AN T-IASC ILDATHACH
NORTH-SOUTH BOOKS · NUA EABHRAC



Lá amháin lean iasc beag gorm é. "A h-Éisc Ildathaigh," ar sé, "fan liom! Tabhair dom ceann dod' ghainní loinnreach. Tá siad go hiontach agus tá an-chuid acu agat."



TURAS
go Maigh Eo
Maolíosa Ní Chléirigh
Róisín Curé



Réitigh sí lón,
Is rinne glao fóin,
Is chuir gach rud i gceart is i gcóir.

Nuair a shroich siad Maigh Eo,
Bhí lón réidh ina gcomhair.
Shuigh siad chun boird,
Is d'ith siad go leor.


An Tarbh, an Gabhar,
An Lao is an Bhó,
I dteach Mhamó is Dhaideo,
In iarthar Mhaigh Eo.



Ó BRIAIN
Lámhainní
Glasa
ÁINE NÍ GHLINN
Léaráidí Martin Fagan
Sos
11



'Bronntanas! **Domsa**?'
Bhí sceitimíní áthais ar Dheirdre
nuair a thug fear an phoist
an beart di.


Mise agus an
DRAGÚN
Patricia Forde
Steve Simpson



Nuair a bheidh mise mór rachaidh mé ag seilg dragúin.
Ar dtús, beidh orm teacht ar cheann. Cuardóidh mé an FHORAOIS FHÍOCHMHAR.
Pléascfaidh mé isteach san fhoraois sin, le mo chlaíomh i mo lámh.



Fear na bPéistíní
Gabriel Rosenstock
Léaráidí: Annie West



HANNIBAL HAMSTAR
Thug Uncail Sam hamstar dom ar mo lá breithe. Seacht mbliana d'aois a bhí mé. Seacht seachtaine d'aois a bhí an hamstar!
"An maith leat é?" arsa Sam liom.
(Ní fhaca mise hamstar go dtí sin.)
"Is maith," arsa mise. "Go mór."
"Cén t-ainm atá air?" ar seisean. "Ar thug tú ainm fós dó?"
"Hannibal!" arsa mise.
"Hath?"



Thugas an Ghealach ag Siúl
Carolyn Curtis agus Alison Jay



Thugas an ghealach ag siúl liom aréir



Seachain do Bhrístín!
Claire Freedman & Ben Cort


Is sinne – hó hó – na Cneasairí
ón bpláinéad aoibhinn Cneas:
an rud is fearr sa chruinne linn –
fobhríste daite deas.



AN GARBHÁN
Julia Donaldson Axel Scheffler
Gabriel Rosenstock a rinne an leagan Gaeilge



Chuaigh luch ar strae isteach sa choill
Is bhuail le sionnach gan aon rómhoill.
'Ar strae atá tú? Ó mo bhrón!
Tar liom abhaile is íosfaimid lón.'
'Nílim ar strae agus nílim ar fán –
Tá coinne agam leis an nGarbhán.'
'Garbhán? Saghas éigin amadáin, an ea?'
'Amadán? An Garbhán? Ní hea, ní hea!'



Dialann Emily Porter
AN JAILTACHT
le RICHIE CONROY
Dear diary
LANN
léaráidí le DON CONROY



DIALANN EMILY PORTER: AN JAILTACHT
An GHAELTACHT
We were divided into 'tithe' (houses) and had to sit together 'de réir bhur dtithe' on the dirty urlár.
I'm in Tigh Veronica with 8 other cailíní. Sandra is also in Tigh Veronica – yawn – then there's Clíona who is 16 and from Bray. She is a Grunger. There's Hannah and Emma who are best friends from Dún Laoghaire, they seem nice if a bit dumb. Jenny is from Oldcastle in Meath and she loves sport. She was wearing a Meath jersey. It did nothing for her. Felicity is from Delgany in Wicklow and is really ciúin. Then there are sisters Julie and Rachel from Swords.
The Fear an Tí came to collect our málaí with his tractor! We had to put our suitcases in the scoopy-bit of the tractor that was filthy.
The Fear an Tí's name is Liam and he has a bushy moustache which had a spaghetti hoop stuck to it. I hope the house is cleaner than his jeans, why don't Dads care about how they look?
We had to write out Rialacha an Choláiste in our cóipleabhair.
31


An Bosca Beag Buí
Annette Fox
101 gníomhaíocht
le hábhair
inathchúrsáilte



Hata Cásca
de dhíth
Cárta buí
Stáplóir
Seilitéip
Gliú pva agus scuab
Gléchéir
Cleití buí
treoir
1. Gearr stiall cárta atá 3 horlaí ar leithead agus fada go leor le dul timpeall do chinn le 3 horlaí fágtha. Seo é do hata.
2. Maisigh an hata le gliú pva agus gléchéir
3. Is féidir dearaidh Chásca ar nós bláthanna agus uibheacha a tharraingt ar an hata.
4. Greamaigh na cleití de bharr an hata le seilitéip.
5. Tomhas timpeall do chinn agus stápláil an hata in áit atá ceart do do cheann.
6. Tá do hata réidh le caitheamh!
nod
Coinnigh seanchártaí Cásca agus gearr amach na coiníní agus uibheacha le greamú ar do hata.
Cad faoi hata maisithe le huibheacha le méideanna agus dathanna éagsúla? Úsáid olann chadáis chun uain Chásca a mhaisiú.
gléchéir = glitter; tomhas = measure; maisithe = decorated; olann chadáis = cotton wool
33


Carroll Education Limited
NATIONAL GEOGRAPHIC
Windows on Literacy
Uachtar Reoite
Harley Chan



Ag Bailiú Bainne
Is é bainne an comhábhar is mó in uachtar reoi
Tugann ba bainne uathu. Bailíonn bliteoir an ba
ó na ba. Déanann na bliteoirí an bainne a phump
isteach in umar. Coinníonn an t-umar an bainne fuar
go dtí gur féidir é a bhailiú ón bhfeirm.
4


Tá mé ag fás
Coinín



Mo mhamaí agus mo dhaidí
Tá a mbaile déanta ag mamaí agus daidí faoi chrann mór. Cónaíonn siad i dtolláin faoin talamh le coiníní eile. 'Coinicéir' a thugtar ar na tolláin sin.
Seo é daidí
Seo í mama
Nuair a chasann coiníní ar a chéile, bíonn siad ag bolú dá chéile agus ag cuimilt srón a chéile.
6


Seo an Eolaíocht
Uisce


Uisce iontach
Tá an t-uisce an-úsáideach! Úsáidimid é sa níochán, le hól, sa chócaireacht agus ar a lán dóigheanna eile. I gcuid mhór áiteanna sa domhan, is furasta uisce a fháil. Cuirimid an sconna fuar ag gabháil le huisce glan úr fuar a fháil. Faighimid uisce te galach ón sconna te.
In áiteanna eile sa domhan níl sé chomh furasta sin uisce a fháil. Bíonn ar dhaoine siúl giota fada lena fháil agus ansin é a iompar ar ais abhaile leo.
SMAOINIGH AIR!
An mbíonn dath ar uisce? An dtig é a bhlaiseadh nó a bholú? An mbeadh sé chomh húsáideach céanna dá mbeadh dath, blas nó boladh láidir air?
6


Ag Taisteal le Tarlach
sa tSeapáin
Laoise Ní Chomhraí


Tá ceithre phríomhoileán sa tSeapáin:
Hokkaido, Honshu, Shikoku agus Kyushu. Tá a thuilleadh mionoileán ann agus iad uile scaipthe amach idir Oileán Sakhalin na Rúise agus an Téaváin – fad 3000 ciliméadar!
Bíonn sé réasúnta fuar in Hokkaido. Bíonn teocht idir -12°C sa gheimhreadh agus 26°C sa samhradh ann. Ach bíonn sé i bhfad níos teo in Okinawa: idir 13°C sa gheimhreadh agus 31°C sa samhradh. Sa samhradh, san fhómhar nó sa gheimhreadh – ag brath ar an áit a bhfuil cónaí ort – a bhíonn an séasúr fliuch ann.
5


Leabhar
MÓR
na hEalaíne
Cuir eolas ar na pictiúir agus ar na dealbha is iontaí ar domhan


EALAÍONTÓIRÍ
Scéal beatha Andy Warhol
1928:
1945:
1949:
1956:
1962:
1962:
Andy Warhol
"An ealaín is spéisiúla ar fad ná rath a choimeád ar do ghnó"
Bhí clú agus cáil ar Andy Warhol mar chinnire ar an ngluaiseacht Pop-ealaíne i Meiriceá, a d'úsáid íomhánna ó shaol na fógraíochta is na teilifíse. Sna 1960idí a rinne sé an saothar ab fhearr uaidh - portráidí de réaltaí scannán, a scrúdaigh ceiliúradh na háilleachta is an chlú. Cheistigh Warhol cad b'ealaín ann agus níor ghlac sé leis an deighilt idir cultúr an phobail agus "fíor-ealaín".
Faoi Thionchar
Marilyn